

**An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)**

14840/26

**Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0328 (NLE)**

**MAR 171
OMI 70
TELECOM 500
DIGIT 271
EU-GNSS 37**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	23 Deireadh Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 578 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le linn an 112ú seisiún den Choiste Muir-Shábháilteachta maidir le leasuithe a ghlacadh ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), 1974, dréachtrún MSC.471(101)/Rev.1 maidir le caighdeáin feidhmíochta le haghaidh rabhcháin raidió dhobháite lena léirítear suíomh éigeandála (EPIRBanna) agus a oibríonn ar 406 MHz, lena dtugtar isteach an tseirbhís cumarsáide dhéthreoch mar fheidhmiúlacht roghnach, agus dréachtrún MSC maidir le caighdeáin feidhmíochta le haghaidh trealamh glacadóra móid raonála (R-mhóid) longbheirthe.

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 578 final.

Faoi iamh: COM(2026) 578 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.10.2026
COM(2026) 578 final

2026/0328 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le linn an 112ú seisiún den Choiste Muir-Shábháilteachta maidir le leasuithe a ghlacadh ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), 1974, dréachtrún MSC.471(101)/Rev.1 maidir le caighdeáin feidhmíochta le haghaidh rabhcháin raidió dhobháite lena léirítear suíomh éigeandála (EPIRBanna) agus a oibríonn ar 406 MHz, lena dtugtar isteach an tseirbhís cumarsáide dhéthreoch mar fheidhmiúlacht roghnach, agus dréachtrún MSC maidir le caighdeáin feidhmíochta le haghaidh trealamh glacadóra móid raonála (R-mhóid) longbheirthe.

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 112ú seisiún de Choiste Muir-Shábháilteachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta, atá le bheith ar siúl ón 14 go dtí an 18 Nollaig 2026.

Le linn an 112ú seisiún a bheidh aige, tá MSC chun an méid seo a leanas a ghlacadh:

- (a) leasuithe ar chaibidil V den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), 1974, a bhfuil coinne leis go dtiocfaidh siad i bhfeidhm an 1 Eanáir 2032.
- (b) dréachtrún MSC.471(101)/Rev.1 maidir le caighdeáin feidhmíochta le haghaidh rabhcháin raidió dhobháite lena léirítear suíomh éigeandála (EPIRBanna) agus a oibríonn ar 406 MHz, lena dtugtar isteach an tseirbhís cumarsáide dhéthrooch mar fheidhmiúlacht roghnach.
- (c) dréachtrún MSC maidir le caighdeáin feidhmíochta le haghaidh trealamh glacadóra móid raonála (R-mhóid) longbheirthe.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Coinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta agus Coinbhinsiún SOLAS

Is leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (EMI) a bhunaítear an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta. Is é is cuspóir do EMI fóram a chur ar fáil le haghaidh comhar i réimse na rialála agus na gcleachtas a bhaineann le hábhair theicniúla de gach cineál a dhéanann difear do loingeas atá ag gabháil do thrádáil idirnáisiúnta. Thairis sin, tá sé d'aidhm aige glacadh ginearálta na gcaighdeán is airde is féidir a chur chun cinn maidir le hábhair a bhaineann leis an tsábháilteacht mhuirí, le héifeachtúlacht na loingseoireachta agus le cosc agus rialú an truaillithe mhuirí ó longa, agus leis sin an cothrom iomaíochta a chur chun cinn. Pléann sé freisin leis na hábhair riaracháin agus dlí a bhaineann leis an méid sin.

Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm an 17 Márta 1958.

Tá na Ballstáit uile ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún. Níl an tAontas ina pháirtí sa Choinbhinsiún.

Tá na Ballstáit uile ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir ('Solas'), 1974, a tháinig i bhfeidhm an 25 Bealtaine 1980. Níl an tAontas ina pháirtí i gCoinbhinsiún SOLAS.

2.2. An Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta agus a Coiste Muir-Shábháilteachta

Is sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe í an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (EMI) a bhfuil freagracht uirthi as sábháilteacht agus slándáil loingis agus as truailliú mhuirí ó longa a chosc. Is é an t-údarás domhanda ó thaobh caighdeáin a leagan síos maidir le sábháilteacht, slándáil agus feidhmíocht chomhshaoil an loingis idirnáisiúnta. Is é an príomhról atá aige creat rialála cóir éifeachtach a chruthú le haghaidh an tionscail loingis, creat a ghlacfar go huilíoch agus a chuirfear chun feidhme go huilíoch.

Is Stáit amháin ar féidir leo cur isteach ar chomhaltas in EMI. Tá gach Ballstát den Aontas ina chomhalta de EMI. Cé nach comhalta é an tAontas, is ar Rún EMI A.1168(32) atá caidreamh an Choimisiúin Eorpaigh le EMI bunaithe, rún lena bhforordaítear na nósanna imeachta agus

na téarmaí le haghaidh an chomhair idir EMI agus eagraíochtaí idir-rialtasacha. Ar bhonn an Rúin EMI sin agus socruithe breise ó bhí 1974 ann, tá an Coimisiún Eorpach rannpháirteach mar bhreathnóir i ngach cruinniú de Choiste EMI agus den Fhochoiste.

Tá Comhaltaí uile EMI ar Choiste Muir-Shábháilteachta (MSC) EMI agus bíonn cruinniú aige uair amháin sa bhliain ar a laghad. Pléann sé le haon ábhar atá faoi raon feidhme na hEagraíochta a bhaineann le háiseanna loingseoireachta, tógáil agus trealamh soithí, saincheisteanna maidir leis an bhfoirniú a mhéid a bhaineann leis an tsábháilteacht, rialacha chun imbhuailtí a chosc, láimhseáil lastaí contúirteacha, nósanna imeachta agus ceanglais i ndáil leis an tsábháilteacht mhuirí, faisnéis hidreagrafach, logleabhair agus taifid loingseoireachta, imscrúdú ar thaismigh mhuirí, tarrthálas agus tarrtháil, agus aon ábhar eile a dhéanann difear díreach don tsábháilteacht mhuirí.

De bhun Airteagal 28(b) Choinbhinsiún EMI, cuireann Coiste Muir-Shábháilteachta EMI sásra ar fáil chun aon dualgas a shannann Coinbhinsiún EMI, Comhthionól EMI nó Comhairle EMI dó a chur i gcrích, nó aon dualgas faoi chuimsiú an raoin feidhme thuasluaite a d'fhéadfaí a shannadh dó le haon ionstraim idirnáisiúnta eile nó faoi aon ionstraim idirnáisiúnta eile agus a nglacadh EMI leis. Is trí thromlach dá gComhaltaí a ghlactar cinntí an Choiste Muir-Shábháilteachta agus a fhochomhlachtaí.

2.3. An gníomh atá beartaithe ag Coiste Muir-Shábháilteachta EMI

Le linn an 112ú seisiún a bheidh aige, tá sé beartaithe ag MSC an méid seo a leanas a ghlacadh:

- (a) leasuithe ar chaibidil V den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), 1974, a bhfuil coinne leis go dtiocfaidh siad i bhfeidhm an 1 Eanáir 2032.

Tá na leasuithe sin le glacadh i gcomhréir le hAirteagal VIII(b)(iv) de Choinbhinsiún SOLAS. Beidh leasuithe ar Chaibidil V SOLAS, a luaitear a thiocfaidh siad i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal VIII den Choinbhinsiún, ceangailteach ó thaobh dlí ar na Rialtais Chonarthaigh a bhfuil feidhm acu maidir leo.

Is é is cuspóir do na leasuithe atá beartaithe an beartas saor in aisce a thabhairt isteach chun tuairiscí tráthrialta gach 6 uair an chloig ar shuíomh ar an gcóras aitheanta agus rianaithe ar fadraon a sholáthar do stáit chósta atá ina dteideal.

- (b) dréachtrún MSC.471(101)/Rev.1 maidir le caighdeáin feidhmíochta le haghaidh rabhcháin raidió dhobháite lena léirítear suíomh éigeandála (EPIRBanna) agus a oibríonn ar 406 MHz, lena dtugtar isteach an tseirbhís cumarsáide dhéthrooch mar fheidhmiúlacht roghnach.

Is é is cuspóir don athbhreithniú atá beartaithe ar an dréachtrún go ndéanfaidh an tseirbhís cumarsáide dhéthrooch, trí sheirbhís nasc aisfhillte SAR/Galileo, modh a chur ar fáil le haghaidh cumarsáid bhunúsach idir pearsanra muirí atá i gcás guaise agus na húdaráis chomhordúcháin tarrthála, rud a chuirfidh feabhas ar an gcóras foláirimh um ghuais mhuirí.

- (c) dréachtrún MSC maidir le caighdeáin feidhmíochta le haghaidh trealamh glacadóra móid raonála (R-mhóid) longbheirthe.

Is é is cuspóir don dréachtrún atá beartaithe go gcuirfidh sé feabhas ar shábháilteacht mhuirí trí aghaidh a thabhairt ar chliseadh an chórais um loingseoireacht satailíte dhomhanda (GNSS) trí chóras teagmhasach GNSS, amhail R-mód den chóras um malartú sonraí VHF (VDES).

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

3.1. Leasuithe ar Rialachán SOLAS V/19-1

Chomhaontaigh MSC le linn a 110ú seisiún aschur maidir le ‘Athbhreithniú ar ollstruchtúr airgeadais an chórais aitheanta agus rianaithe ar fadraon’ a áireamh ar chlár oibre an Choiste don dá bhliain 2026-2027 agus ar an gclár oibre sealadach don 111ú seisiún. D’aontaigh MSC 110 go mbunódh MSC 111 grúpa teicniúil chun an t-athbhreithniú ar ollstruchtúr airgeadais an chórais aitheanta agus rianaithe ar fadraon a mheas agus faoi réir thoradh an phlé ag MSC 111, chinnfeadh MSC conas dul ar aghaidh le leasuithe ar rialachán SOLAS V/19-1 a fhorbairt.

Ba é seasamh an Aontais in MSC 110 tacú leis an aschur nua sin a thabhairt isteach.

Le linn an 111ú seisiún a bhí aige, mheas MSC roinnt aighneachtaí ó pháirtithe EMI agus chinn Meitheal maidir le hOllstruchtúr Airgeadais an Chórais Aitheanta agus Rianuithe ar Fadraon. Thug MSC 111 treoir don Mheitheal, i measc nithe eile, comhairle a thabhairt maidir leis an gcaoi chun dul ar aghaidh le leasuithe ar rialachán SOLAS V/19-1 a fhorbairt. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an tuarascáil ón Meitheal um Ollstruchtúr Airgeadais an Chórais Aitheanta agus Rianaithe ar Fadraon, d’fhormheas MSC 111 na dréachtleasuithe ar rialachán SOLAS V/19-1 maidir leis an mbeartas saor in aisce a thabhairt isteach chun tuairiscí tráthrialta caighdeánacha ar shuíomh ar an gcóras aitheanta agus rianaithe ar fadraon a sholáthar do stáit chósta atá ina dteideal, d’fhonn iad a ghlacadh ag MSC 112 agus a dteacht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2032 ar a dhéanaí. Tá na leasuithe sin scaipthe ag Rúnaíocht EMI trí Chiorclán EMI Uimh. 5222 an 11 Meitheamh 2026.

Ba é seasamh an Aontais ag MSC 111 tacú leis i bprionsabal go ndéanann MSC 111 cinneadh beartais i bhfabhar na dtuairiscí tráthrialta gach sé uair an chloig ar shuíomh ar an gcóras aitheanta agus rianaithe ar fadraon a sholáthar do stáit chósta atá i dteideal an fhaisnéis sin a fháil agus go mbunaítear meitheal ag MSC 111 chun na haighneachtaí a chuirtear isteach faoin mír sin ar an gclár oibre a mheas.

Ba cheart a mheabhrú freisin gur iarr MSC 111 ar an gCoimisiún Eorpach machnamh a dhéanamh ar iarraidh ar an oibreoir um malartú idirnáisiúnta sonraí (an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí), faoi chomhordú an chomhlachta rialachais oibríochtúil um aithint agus rianú ar fadraon, tástáil feidhmíochta a dhéanamh ar mhalartú idirnáisiúnta sonraí chun a acmhainneacht oibríochtúil agus a fheidhmíocht a fhíorú maidir le láimhseáil an mhéadaithe a mheastar a thiocfaidh ar theachtaireachtaí atá le malartú idir lárionaid sonraí aitheanta agus rianaithe ar fadraon mar thoradh ar chur chun feidhme na samhla costais nua. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil tástáil den sórt sin ar siúl agus go dtuairisceofaí a torthaí do MSC 112.

Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe sin toisc go mbainfear amach feasacht mhuirí dhomhanda níos éifeachtaí. Beidh gach stát cósta in ann faireachán a dhéanamh go pointe áirithe ar a uiscí, rud a chumasóidh freagairtí níos tapúla ar theagmhais agus tacaíocht níos fearr d’imscrúduithe agus d’anailís.

Le Treoir 2002/59/CE lena mbunaítear córas faireacháin agus faisnéise um thrácht ártach de chuid an Chomhphobail, arna leasú (Treoir VTMS)¹, in Airteagal 6b di, cuirtear d’oibleagáid ar Bhallstáit an Aontais agus ar an gCoimisiún comhoibriú chun na ceanglais a chinneadh maidir le trealamh chun faisnéis aitheanta agus rianaithe ar fadraon a tharchur a fheistiú ar bord longa atá ag seoladh in uiscí laistigh de chumhdach stáisiúin bhunáite sheasta an Chórais

¹ Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas Chomhphobail faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle. IO L 208, 5.8.2002, lch. 10.

Aitheantais Uathoibríoch (AIS) de chuid na mBallstát, agus aon bheart iomchuí a chur faoi bhráid EMI, chomh maith le lárionad sonraí Eorpach aitheanta agus rianaithe ar fadraon a bhunú. Ina theannta sin, le SafeSeaNet, a bunaíodh leis an Treoir chéanna, is féidir faisnéis aitheanta agus rianaithe ar fadraon a fhaightear i gcomhréir le hAirteagal 6b den Treoir sin a dháileadh i measc na mBallstát.

Baineann ábhar na leasuithe atá beartaithe le réimse a bhfuil inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas ina leith de bhua an choir dheireanaigh d'Airteagal 3(2) CFAE, ós rud é gur dócha go ndéanfaidh na gníomhartha atá beartaithe 'difear do chomhrialacha nó go n-athróidh siad a raon feidhme'. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh leasuithe ar Rialachán SOLAS V/19-1 maidir le haithint agus rianú ar fadraon difear cinntitheach a dhéanamh do na ceanglais is infheidhme faoi Threoir 2002/59/CE.

3.2. Dréachtrún MSC.471(101)/Rev.1 maidir le caighdeáin feidhmíochta le haghaidh rabhcháin raidió dhobháite lena léirítear suíomh éigeandála (EPIRBanna) agus a oibríonn ar 406 MHz, lena dtugtar isteach an tseirbhís cumarsáide dhéthrooch mar fheidhmiúlacht roghnach

Chomhaontaigh MSC le linn a 107ú seisiún aschur a áireamh ina chlár oibre iar-dhébhliantúil maidir le 'Treoirínte a fhorbairt le haghaidh EPIRBanna lena gcuirtear an tseirbhís cumarsáide dhéthrooch chun feidhme trí sheirbhís nasc aisfhille SAR/Galileo mar chomhlánú ar chaighdeáin feidhmíochta EPIRBanna (rún MSC.471(101))', agus bhí gá le dhá sheisiún chun an mhír a chomhlánú, agus an Fochoiste um Loingseoireacht, Cumarsáid agus Cuardach agus Tarrtháil (LCCT) á shannadh mar an t-orgán comhordúcháin. Chuir an tAontas an iarraidh ar an aschur nua sin isteach agus, dá bhrí sin, ba é seasamh an Aontais ag MSC 107 tacú leis an aschur nua sin a thabhairt isteach.

Bhreithnigh an bhFochoiste um Loingseoireacht, Cumarsáid agus Cuardach agus Tarrtháil le linn an 13ú seisiún a bhí aige, roinnt doiciméad lena n-áirítear aighneacht ón Aontas (doiciméad an Fhochoiste um Loingseoireacht, Cumarsáid agus Cuardach agus Tarrtháil 13/8 ón Ostair *et al.*), lena gcuirtear i láthair an tseirbhís cumarsáide dhéthrooch a chuireann nasc aisfhille Galileo ar fáil agus lena moltar dréachtleasuithe ar rún MSC.471(101) maidir le caighdeáin feidhmíochta le haghaidh rabhcháin raidió dhobháite lena léirítear suíomh éigeandála (EPIRBanna) agus a oibríonn ar 406 MHz chun an tseirbhís cumarsáide dhéthrooch a thabhairt isteach mar ghné roghnach EPIRB. Thug NCSR 13 treoir dá Mheitheal machnamh a dhéanamh, i measc nithe eile, ar na dréachtleasuithe ar rún MSC.471(101) lena dtugtar isteach an tseirbhís cumarsáide dhéthrooch mar fheidhmiúlacht roghnach. Tar éis breithniú a dhéanamh ar thuarascáil na Meithle, chomhaontaigh NCSR 13 le dréachtrún MSC.471(101)/Rev.1 maidir le caighdeáin feidhmíochta le haghaidh rabhcháin raidió dhobháite lena léirítear suíomh éigeandála (EPIRBanna) agus a oibríonn ar 406 MHz, lena dtugtar isteach an tseirbhís cumarsáide dhéthrooch mar fheidhmiúlacht roghnach, d'fhonn go nglacfadh MSC 112 é. Scaip Rúnaíocht EMI an dréachtrún MSC.471(101)/Rev.1 trí dhoiciméid MSC 112/10 agus NCSR 13/18/Add.1.

Ba é seasamh an Aontais ag NCSR 13 tacú go gníomhach leis na dréachtleasuithe ar na caighdeáin feidhmíochta le haghaidh rabhcháin raidió dhobháite lena léirítear suíomh éigeandála (EPIRBanna) (Rún MSC. 471(101)) chun an tseirbhís cumarsáide dhéthrooch a chuirtear ar fáil le nasc aisfhille Galileo ar rabhcháin Cospas-Sarsat a chur san áireamh.

Ba cheart don Aontas tacú leis an dréachtrún MSC.471(101)/Rev.1 toisc go bhfuil coinne leis go gcuirfidh an tseirbhís nua sin feabhas ar oibríochtaí sheirbhísí SAR, rud a fhágfaidh go mbeidh freagraí tarrthála níos éifeachtúla agus níos tráthúla ann. Leis an tseirbhís cumarsáide dhéthrooch trí sheirbhís nasc aisfhille SAR/Galileo, cuirfear modh ar fáil le haghaidh

cumarsáid bhunúsach idir pearsanra muirí atá i gcás guaise agus na húdaráis chomhordúcháin tarrthála, rud a chuirfidh feabhas ar an gcóras foláirimh um ghuais mhuirí.

Le Rialachán (AE) 2021/696², bunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (Airteagal 1). Áirítear sa chlár an beartas Eorpach um loingseoireacht satailíte lena gcuirtear dhá chóras loingseoireachta satailíte ar fáil don Aontas: An córas a bunaíodh faoi chlár Galileo (Airteagal 3(1)(a) de Rialachán (AE) 2021/696) agus córas Bhreis-seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí (EGNOS) (Airteagal 3(1)(b) de).

De réir Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2021/696, is ar an gCoimisiún atá an fhreagracht fhoriomlán as clár spáis an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear Galileo agus EGNOS. Is é is aidhm do chlár Galileo an bonneagar domhanda loingseoireachta agus suite satailíte atá deartha go sonrach chun críoch sibhialta a chur ar bun agus a oibriú, ar bonneagar é ar féidir le gníomhaithe éagsúla poiblí agus príobháideacha san Eoraip agus ar fud an domhain a úsáid.

Ina theannta sin, rialaítear ceanglais chineálcheadaithe, caighdeáin iompair agus feidhmíochta EPIRBanna le hiontráil MED/5.6 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1434 ón gCoimisiún³, lena n-áirítear Rún MSC. 471(101). Tá ceanglais deartha, tógála agus feidhmíochta agus caighdeáin tástála le haghaidh trealamh muirí sa Rialachán Cur Chun Feidhme. Tá sé bunaithe ar chumhachtú an Choimisiúin na ceanglais dearaidh, tógála agus feidhmíochta, chomh maith leis na caighdeáin tástála i leith trealamh muirí a thagann faoi raon feidhme Treoir 2014/90/AE maidir le trealamh muirí⁴, a léiriú, trí ghníomhartha cur chun feidhme, i gcomhréir le hAirteagal 35(2) de.

Baineann ábhar na leasuithe atá beartaithe le réimse a bhfuil inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas ina leith de bhua an choir dheireanaigh d'Airteagal 3(2) CFAE ós rud é gur dócha go ndéanfaidh na gníomhartha atá beartaithe 'raon feidhme chomhrialacha a athrú'. Dá bhrí sin, le dréachtrún MSC.471(101)/Rev.1 maidir le caighdeáin feidhmíochta i ndáil le rabhcháin raidió dhobháite lena léirítear suíomh éigeandála (EPIRBanna) agus a oibríonn ar 406 MHz, lena dtugtar isteach an tseirbhís cumarsáide dhéthreoch mar fheidhmiúlacht roghnach, is féidir difear cinntitheach a dhéanamh do na ceanglais is infheidhme faoi Rialachán (AE) 2021/696, Treoir 2014/90/AE agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1434 ón gCoimisiún.

3.3. Dréachtrún MSC maidir le caighdeáin feidhmíochta le haghaidh trealamh glacadóra móid raonála (R-mhóid) longbheirthe

Le linn an 110ú seisiún a bhí ag MSC, bhreithnigh sé aighneacht an Aontais (doiciméad MSC 109/19/2 ón Ostair *et al.*), inar moladh aschur nua chun caighdeáin feidhmíochta a fhorbairt don mhód raonála (R-mód) i nglacadóirí radaloingseoireachta agus chomhaontaigh sé an mhír sin a áireamh ar chlár oibre fhochoiste NCSR, agus fochoiste NCSR á shannadh mar an t-orgán comhordúcháin.

² Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE; IO L 170, 12.5.2021, lch. 69.

³ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1434 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2026 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le ceanglais dearaidh, tógála agus feidhmíochta agus le caighdeáin tástála le haghaidh trealamh muirí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1533 ón gCoimisiún. IO L, 2026/1434, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1434/oj

⁴ Treoir 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le trealamh muirí agus lena n-aisghairtear Treoir 96/98/CE ón gComhairle. IO L 257, 28.8.2014, lch. 146. <http://data.europa.eu/eli/dir/2014/90/oj>

Le linn an 13ú seisiún a bhí ag NCSR, bhreithnigh sé roinnt doiciméad lena n-áirítear aighneacht ón Aontas (doiciméad NCSR 13/13/1 ón Ostair *et al.*), inar moladh dréachtchaighdeáin feidhmíochta do threalamh glacadóra R-mhóid longbheirthe, atá beartaithe chun críoch loingseoireachta ar longa, lena soláthraítear sonraí suite, loingseoireachta agus ama, mar chóras malartach nó comhlántach leis an gcóras um loingseoireacht satailíte dhomhanda (GNSS). Thug NCSR 13 treoir dá Mheitheal dréachtchaighdeáin feidhmíochta a ullmhú le haghaidh trealamh glacadóra móid raonála (R-mhóid) longbheirthe. Tar éis breithniú a dhéanamh ar thuarascáil na Meithle, d'aontaigh NCSR 13 le dréachtrún MSC maidir le caighdeáin feidhmíochta do threalamh glacadóra R-mhóid longbheirthe, d'fhonn go nglacfadh MSC 112 é. Scaip Rúnaíocht EMI an dréachtrún trí dhoiciméid MSC 112/10 agus NCSR 13/18/Add.1.

Ba é seasamh an Aontais ag NCSR 13 tacú go gníomhach leis na dréachtchaighdeáin feidhmíochta maidir le trealamh glacadóra móid raonála (R-mhóid) longbheirthe.

Ba cheart don Aontas tacú leis an dréachtrún toisc go gcuirfidh sé feabhas ar an tsábháilteacht mhuirí trí aghaidh a thabhairt ar chliseadh GNSS trí chóras teagmhasach GNSS, amhail R-mód den chóras um malartú sonraí VHF (VDES). Is é an toradh a bheidh ar úsáid chomhcheangailte GNSS agus R-móid athléimneacht fheabhsaithe i dtéarmaí cruinnis, infhaighteachta agus sláine, agus soláthrófar athléimneacht an réitigh Suímh, Treoluais agus Amaidhe (PVT) i gcomparáid le córas loingseoireachta neamhspleách atá bunaithe ar GNSS a úsáid.

Liostaítear trealamh loingseoireachta, lena n-áirítear glacadóirí muirí de chuid an chórais um loingseoireacht satailíte dhomhanda (GNSS), i Roinn 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1434 ón gCoimisiún. Tá ceanglais deartha, tógála agus feidhmíochta agus caighdeáin tástála le haghaidh trealamh muirí sa Rialachán Cur Chun Feidhme. Tá sé bunaithe ar chumhachtú an Choimisiúin na ceanglais dearadh, tógála agus feidhmíochta, chomh maith leis na caighdeáin tástála i leith trealamh muirí a thagann faoi raon feidhme Treoir 2014/90/AE maidir le trealamh muirí, léiriú, trí ghníomhartha cur chun feidhme, i gcomhréir le hAirteagal 35(2) de.

Baineann ábhar na leasuithe atá beartaithe le réimse a bhfuil inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas ina leith de bhua an choir dheireanaigh d'Airteagal 3(2) CFAE ós rud é gur dócha go ndéanfaidh na gníomhartha atá beartaithe 'raon feidhme chomhrialacha a athrú'. Dá bhrí sin, leis an dréachtrún maidir le caighdeáin feidhmíochta le haghaidh trealamh glacadóra móid raonála (R-mhóid) longbheirthe, is féidir difear cinntitheach a dhéanamh do na ceanglais is infheidhme faoi Threoir 2014/90/AE agus faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1434 ón gCoimisiún.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

Is comhlacht é Coiste Muir-Shábháilteachta EMI a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin an Coinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idir-rialtasach.

Beidh éifeachtaí dlíthiúla do na Ballstáit faoi Choinbhinsiún SOLAS ag na gníomhartha atá beartaithe a iarrtar ar EMI MSC 112 a ghlacadh. Féadfaidh na gníomhartha atá beartaithe tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh, mar atá:

- Treoir 2002/59/CE lena mbunaítear córas Comhphobail faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí. Is amhlaidh atá toisc go gcuireann Airteagal 6b den Treoir 2002/59/CE d'oibleagáid ar Bhallstáit an Aontais agus ar an gCoimisiún comhoibriú chun na ceanglais a chinneadh maidir le trealamh a fheistiú chun faisnéis aitheanta

agus rianaithe ar fadraon a tharchur ar bord long atá ag seoladh in uiscí laistigh de chumhdach stáisiúin bhunáite sheasta an Chórais Aitheantais Uathoibríoch (AIS) de chuid na mBallstát, agus aon bheart iomchuí a chur faoi bhráid EMI, chomh maith le lárionad Eorpach maidir le sonraí aitheanta agus rianaithe ar fadraon a bhunú. Ina theannta sin, le SafeSeaNet, a bunaíodh leis an Treoir chéanna, is féidir faisnéis aitheanta agus rianaithe ar fadraon a fhaightear i gcomhréir le hAirteagal 6b den Treoir sin a dháileadh i measc na mBallstát.

- Rialachán (AE) 2021/696 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis. Is amhlaidh atá toisc go n-áirítear sa chlár an beartas Eorpach um loingseoireacht satailíte lena gcuirtear dhá chóras loingseoireachta satailíte ar fáil don Aontas: An córas a bunaíodh faoi chlár Galileo (Airteagal 3(1)(a) de Rialachán (AE) 2021/696) agus córas Bhreis-seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí (EGNOS) (Airteagal 3(1)(b) de). De réir Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2021/696, is ar an gCoimisiún atá an fhreagracht fhoriomlán as clár spáis an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear Galileo agus EGNOS. Is é is aidhm do chlár Galileo an bonneagar domhanda loingseoireachta agus suite satailíte atá deartha go sonrach chun críoch sibhialta a chur ar bun agus a oibriú, ar bonneagar é ar féidir le gníomhaithe éagsúla poiblí agus príobháideacha san Eoraip agus ar fud an domhain a úsáid.
- Treoir 2014/90/AE maidir le trealamh muirí, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1434 ón gCoimisiún. Is amhlaidh atá toisc go n-áirítear i Roinn 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1434 ón gCoimisiún trealamh loingseoireachta lena n-áirítear glacadóirí muirí de chuid an chórais um loingseoireacht satailíte dhomhanda (GNSS) agus go n-ionchorprófar ann an dréachtrún maidir le caighdeáin feidhmíochta do threalamh glacadóra R-mhóid. Ina theannta sin, áirítear i Roinn 5 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1434 ón gCoimisiún ceanglais chineálcheadaithe, caighdeáin iompair agus feidhmíochta EPIRBanna agus ionchorprófar ann rún MSC athbhreithnithe. 471(101) maidir le caighdeáin feidhmíochta le haghaidh EPIRBanna.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlónadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí don nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

Is leis an muiriompar a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 100(2) CFAE an bunús dlí substainteach le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Is é Airteagal 100(2) CFAE ba cheart a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le linn an 112ú seisiún den Choiste Muir-Shábháilteachta maidir le leasuithe a ghlacadh ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), 1974, dréachtrún MSC.471(101)/Rev.1 maidir le caighdeáin feidhmíochta le haghaidh rabhcháin raidió dhobháite lena léirítear suíomh éigeandála (EPIRBanna) agus a oibríonn ar 406 MHz, lena dtugtar isteach an tseirbhís cumarsáide dhéthreoch mar fheidhmiúlacht roghnach, agus dréachtrún MSC maidir le caighdeáin feidhmíochta le haghaidh trealamh glacadóra móid raonála (R-mhóid) longbheirthe.

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tháinig an Coinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta ('EMI') i bhfeidhm an 17 Márta 1958.
- (2) Is sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe í an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta ('EMI') a bhfuil freagracht uirthi as sábháilteacht agus slándáil loingis agus as truailliú muirí agus truailliú atmaisféarach ó longa a chosc. Tá gach Ballstát den Aontas ina chomhalta de EMI. Níl an tAontas ina chomhalta de EMI.
- (3) De bhun Airteagal 28(b) den Choinbhinsiún maidir le EMI, cuireann an Coiste Muir-Shábháilteachta sásra ar fáil chun cibé dualgais a shanntar dó i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún sin, nó a shanntar dó ag Comhthionól EMI nó ag Comhairle EMI a chur i gcrích, nó aon dualgas laistigh de raon feidhme an Airteagail sin a d'fhéadfaí a shannadh don Choiste Muir-Shábháilteachta faoi aon ionstraim idirnáisiúnta eile agus a bhféadfadh EMI glacadh leis. Le linn a 112ú seisiún a bheidh aige, déanfaidh MSC leasuithe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal VIII(b)(iv) de Choinbhinsiún SOLAS agus le hAirteagal VI(2)(d) de Phrótacal maidir le hUalachlínite, 1988.
- (4) Tá Coiste Muir-Shábháilteachta EMI, le linn an 112ú seisiún a bheidh aige ón 14 go dtí an 18 Nollaig 2026, le leasuithe a ghlacadh ar chaibidil V den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), 1974, dréachtrún MSC.471(101)/Rev.1 maidir le caighdeáin feidhmíochta i ndáil le rabhcháin raidió dhobháite lena léirítear suíomh éigeandála (EPIRBanna) agus a oibríonn ar 406 MHz, lena dtugtar isteach an tseirbhís cumarsáide dhéthreoch mar fheidhmiúlacht roghnach, agus dréachtrún MSC maidir le caighdeáin feidhmíochta le haghaidh trealamh glacadóra móid raonála (R-mhóid) longbheirthe. Má ghlactar na gníomhartha MSC atá beartaithe, beidh éifeachtaí dlíthiúla acu do na Ballstáit ar páirtithe iad in EMI agus d'fhéadfaidís tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar rialacha an Aontais.

- (5) Dá bhrí sin, is gá an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn MSC 112 a bhunú.
- (6) Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe ar Chaibidil V SOLAS toisc go mbainfear amach feasacht mhuirí dhomhanda níos éifeachtaí. Beidh gach stát cósta in ann faireachán a dhéanamh go pointe áirithe ar a uiscí, rud a chumasóidh freagairtí níos tapúla ar theagmhais agus tacaíocht níos fearr d'inscrúduithe agus d'anailís.
- (7) Ba cheart don Aontas tacú le dréachtrún MSC.471(101)/Rev.1 maidir le caighdeáin feidhmíochta do EPIRBanna toisc go bhfuil coinne leis go gcuirfidh an tseirbhís nua sin feabhas ar oibríochtaí sheirbhísí SAR, rud a fhágfaidh go mbeidh freagraí tarrthála níos éifeachtúla agus níos tráthúla ann. Leis an tseirbhís cumarsáide dhéthrooch trí sheirbhís nasc aisfhillte SAR/Galileo, cuirfear modh ar fáil le haghaidh cumarsáid bhunúsach idir pearsanra muirí atá i gcás guaise agus na húdaráis chomhordúcháin tarrthála, rud a chuirfidh feabhas ar an gcóras foláirimh um ghuais mhuirí.
- (8) Ba cheart don Aontas tacú leis an dréachtrún maidir le caighdeáin feidhmíochta do R-mód toisc go gcuirfidh sé feabhas ar an tsábháilteacht mhuirí trí aghaidh a thabhairt ar chliseadh an chórais um loingseoireacht satailíte dhomhanda (GNSS) trí chóras teagmhasach GNSS, amhail mód-R den chóras um malartú sonraí VHF (VDES). Is é an toradh a bheidh ar úsáid chomhcheangailte GNSS agus R-móid athléimneacht fheabhsaithe i dtéarmaí cruinnis, infhaighteachta agus sláine, agus soláthrófar athléimneacht an réitigh Suímh, Treolais agus Amaithe (PVT) i gcomparáid le córas loingseoireachta neamhspleách atá bunaithe ar GNSS a úsáid.
- (9) Tá seasamh an Aontais le cur in iúl ag Ballstáit an Aontais a ndéantar ionadaíocht dóibh i gCoiste Muir-Shábháilteachta EMI, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach, chun leasa an Aontais.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an 112ú seisiún de Choiste Muir-Shábháilteachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta ('EMI'), aontú le glacadh na leasuithe ar chaibidil V den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), 1974, dréachtrún MSC.471(101)/Rev.1 maidir le caighdeáin feidhmíochta le haghaidh rabhcháin raidió dhobháite lena léirítear suíomh éigeandála (EPIRBanna) agus a oibríonn ar 406 MHz, lena dtugtar isteach an tseirbhís cumarsáide dhéthrooch mar fheidhmiúlacht roghnach agus dréachtrún MSC maidir le caighdeáin feidhmíochta le haghaidh trealamh glacadóra móid raonála (R-mhóid) longbheirthe.

Airteagal 2

Ballstáit an Aontais a ndéantar ionadaíocht dóibh i gCoiste Muir-Shábháilteachta EMI, is iad a chuirfidh an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leasa an Aontais.

Airteagal 3

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán